*Uimhir* 11 *de* 2002

# AN tACHT UM ARRAMARA TEORANTA (SCAIREANNA A FHÁIL), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Míniú.

2. Alt 1 nua den Phríomh-Acht.

3. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

4. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1949 | 1949, Uimh. 22 |
| An tAcht um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1954 | 1954, Uimh. 29 |
| Na hAchta um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1949 agus 1954 | |

*Uimhir* 11 *de* 2002

# AN tACHT UM ARRAMARA TEORANTA (SCAIREANNA A FHÁIL), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ NA nACHT UM THIONSCAIL AILGÍNEACHA (ÉIRE) TEORANTA (SCAIREANNA D'FHÁIL), 1949 AGUS 1954, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [10 *Aibreán*, 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—San Acht seo ciallaíonn ''Príomh-Acht'' an tAcht um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1949. Míniú.

**2.**—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 1: Alt 1 nua den Phríomh-Acht.

''Mínithe. 1.—San Acht seo—

ciallaíonn 'Cuideachta' Arramara Teoranta, a corpraíodh an 12 Feabhra 1947 mar Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta agus ar chláraigh an duine dar theideal an tráth sin Cláraitheoir na gCuideachtaí Comhstoic athrú a ainm go hArramara Teoranta an 20 Meán Fómhair 1955;

ciallaíonn 'Aire' Aire na Mara agus Acmhainní Nádúrtha.''.

**3.**—Leasaítear alt 2 (arna leasú leis an Acht um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1954) den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí ''suim nó suimeanna nach mó ná €1,200,000 a chaitheamh chun scaireanna €1 an ceann a fháil sa Chuideachta ar phraghas nach mó ná €1 an scair'' a chur in ionad ''suim nó suimeanna nach mó ná ceathracha agus trí mhíle punt a chaitheamh chun scaireanna punt an ceann d'fháil sa Chuideachta ar phraghas nach mó ná punt an scair'', agus tá an fo-alt (1) sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

AN TÁBLA

(1) Féadfaidh an tAire suim nó suimeanna nach mó ná €1,200,000 a chaitheamh chun scaireanna €1 an ceann a fháil sa Chuideachta ar phraghas nach mó ná €1 an scair.

Gearrtheideal agus comhlua.

**4.**—(1) Féadfar an tAcht um Arramara Teoranta (Scaireanna a Fháil), 2002, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Arramara Teoranta (Scaireanna a Fháil), 1949 go 2002, a ghairm de na hAchta um Thionscail Ailgíneacha (Éire) Teoranta (Scaireanna d'Fháil), 1949 agus 1954, agus den Acht seo, le chéile.